**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht*

**2022/0358(COD)**

20.7.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhaineann le seirbhísí cóiríochta ar chíos ghearrthéarmach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724
(COMCOM(2022)0571 – C9-0371/2022 – 2022/0358(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Josianne Cutajar

PA_Legam

# RÉASÚNÚ GEARR

Tacaíonn an Rapóirtéir le creat reachtach comhchuibhithe a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leis trédhearcacht a fheabhsú i réimse na cóiríochta ar chíos gearrthéarmach (STR), rud a chuideoidh le húdaráis phoiblí forbairt dhearfach STR a áirithiú mar chuid d'earnáil turasóireachta inbhuanaithe. Le cur chuige cothrom maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí ó óstaigh agus ó ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, tabharfar na huirlisí is gá do na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun beartais éifeachtacha, fianaise-bhunaithe agus comhréireacha a chruthú a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hearnáil an chíosa ghearrthéarma.

Tá an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha ina bhfuil borradh faoin ngeilleagar comhoibríoch mar gheall ar an nasc idir an dá earnáil; tá an turasóireacht agus an geilleagar comhoibríoch araon ag brath ar nascacht idir daoine, réigiúin agus cultúir, ag brath ar chomhroinnt na taithí a théann chun tairbhe tomhaltóirí agus fiontraithe araon.

Mar sin féin, is gníomhaíochtaí roghnaíocha daonna agus spásúla iad an turasóireacht agus cíosanna gearrthéarma, agus, dá bhrí sin, tá rathúnas na n-ardán comhoibríoch dúshlánach d'oibreoirí margaidh atá ann cheana, a bhíonn faoi réir ceanglas ard agus dian maidir le rochtain ar an margadh go minic, agus do chleachtais sheanbhunaithe na n-údarás áitiúil.

Cé go bhféadfadh tráchtearraíocht tithíochta, uaisliú na gcathracha, agus pobail áitiúla a mbíonn fo-iarmhairtí diúltacha ag an ngníomhaíocht orthu a bheith mar thoradh ar iomadú neamhrialaithe na gcíosanna gearrthéarmacha, d'fhéadfadh sé go gcuirfí éiceachóras sábháilte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe chun cinn mar thoradh ar mhéadú trédhearcachta agus forfheidhmiú níos fearr ar na rialacha. Dhéanfaí an t-éiceachóras sin a shainiú ní hamháin trí chothroime iomaíochta agus trí aon tionchair dhiúltacha ar an bpobal áitiúil a mhaolú, ach freisin trí chumhachtú úinéirí tí agus iad siúd a sholáthraíonn an iliomad seirbhísí cúnta a ghineann siad, rud a thacódh le gnólachtaí áitiúla agus le deiseanna nua fostaíochta.

Chun tairbhí na gcíosanna gearrthéarmachaa chaomhnú agus a mhéadú, agus coinníollacha cothroma á ráthú ag an am céanna do gach gníomhaí in earnáil na turasóireachta, déanann an Rapóirtéir idirdhealú idir an próiseas clárúcháin, a bheidh soláimhsithe, saor in aisce nó ar chostas íosta, agus an nós imeachta údarúcháin mar aon le haon cheanglais maidir le rochtain ar an margadh a fhéadfaidh na Ballstáit a fhorchur i gcomhréir le dlí AE.

Dá bhrí sin, agus é mar aidhm aici eolas agus tuiscint mhaith ar dhlí AE a áirithiú agus prionsabail threoracha amhail comhréireacht agus neamh-idirdhealú a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, mar a chumhdaítear inár reachtaíocht agus i ndlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, molann an Rapóirtéir go gcuirfí de chúram ar an gCoimisiún cúnamh agus oiliúint a thabhairt sa réimse sin. I ndáil leis sin, cuirfidh an Coimisiún cúrsaí oiliúna agus ábhar ar fáil a bhaineann leis na coincheapa thuasluaite, ar oiliúint í ba cheart a bheith éigeantach do chomhordaitheoirí náisiúnta arna mbunú faoin Rialachán sin agus d'údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil sé de chúram orthu rialacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú a bhaineann le seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh a sholáthar.

Ar an taobh eile, d'fhonn trédhearcacht laistigh d'éiceachóras na gcíosanna gearrthéarmacha a mhéadú agus rannpháirtíocht ghníomhach na n-óstach a úsáideann an ghníomhaíocht sin mar

fhoinse ioncaim bhreise a spreagadh, agus a mbaile, a dtraidisiúin agus a dtaithí phearsanta á roinnt ag an am céanna, molann an Rapóirtéir go gcoinneodh an Coimisiún, le tacaíocht ó na Ballstáit, tairseach ('Tairseach Eorpach um Chíosanna Gearrthéarma') mar phointe iontrála d'fhaisnéis láraithe a bhaineann leis na rialacháin náisiúnta agus áitiúla a bhaineann le soláthar seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh i dtíortha AE a bhfuil córas clárúcháin mar a leagtar amach sa Rialachán sin á chur i bhfeidhm aige. Beidh an Tairseach Eorpach um Chíosanna Gearrthéarmacha inrochtana go héasca i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais agus saor in aisce.

Ina theannta sin, i bhfianaise chuspóirí an Rialacháin sin, cuireann an Rapóirtéir teorainn leis an gcatagóir sonraí atá le roinnt leis na húdaráis inniúla agus leis na heintitis nó leis na daoine a dhéanann taighde eolaíoch agus gníomhaíochtaí anailíseacha.

Ar deireadh, ós rud é go dtabharfaidh an t-údarás inniúil i ngach Ballstát tuairisc ar chur chun feidhme an Rialacháin gach dhá bhliain, measann an Rapóirtéir gur cheart an mheastóireacht a rinne an Coimisiún a dhéanamh níos luaithe ná mar a beartaíodh ar dtús. Tugann sí leasú isteach freisin ina luaitear go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán sin ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne agus ar óstaigh amhail ó thrí mhí ón uair a bheidh a Phointí Iontrála Digiteacha Aonair curtha ar bun ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach á dtairiscint ag óstaigh le blianta fada mar chomhlánú ar sheirbhísí cóiríochta eile amhail óstáin, brúnna, nó tithe leaba agus bricfeasta. Tá méadú suntasach ag teacht ar líon na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach ar fud an Aontais mar thoradh ar fhás an gheilleagair ardáin. Cé go gcruthaíonn seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach go leor deiseanna d'aíonna, d'óstaigh agus d'éiceachóras na | (1) Tá seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach á dtairiscint ag óstaigh le blianta fada mar chomhlánú ar sheirbhísí cóiríochta eile amhail óstáin, brúnna, nó tithe leapa agus bricfeasta. Tá méadú suntasach ag teacht ar líon na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach ar fud an Aontais mar thoradh ar fhás an gheilleagair ardáin. Cé go gcruthaíonn seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach go leor deiseanna d'aíonna, d'óstaigh agus d'éiceachóras na |

| | |
|---|---|
| turasóireachta ina iomláine, is údar imní agus is dúshlánach an fás mear atá tagtha ar na seirbhísí sin, go háirithe do phobail áitiúla agus d’údaráis phoiblí. Ar cheann de na príomhdhúshláin tá an easpa faisnéise iontaofa maidir le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach amhail céannacht an óstaigh, an suíomh ina bhfuil na seirbhísí sin á dtairiscint, agus ré na seirbhísí, rud a fhágann go bhfuil sé deacair d’údaráis tionchar na seirbhísí sin a mheasúnú agus freagairtí beartais iomchuí agus comhréireacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú. | turasóireachta ina iomláine, is údar imní agus is dúshlánach an fás mear atá tagtha ar na seirbhísí sin, go háirithe do phobail áitiúla agus d’údaráis phoiblí. ***Dá ndéanfaí rialáil agus faireachán níos déine ar na coinníollacha cíosa ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, d’áiritheofaí rialú inbhuanaithe ar chóiríocht ar cíos gearrthéarmach i gceantair turasóireachta, agus thabharfaí aghaidh ar aon iarmhairtí diúltacha, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha[1a].*** Ar cheann de na príomhdhúshláin tá an easpa faisnéise iontaofa maidir le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach amhail céannacht an óstaigh, an suíomh ina bhfuil na seirbhísí sin á dtairiscint, agus ré na seirbhísí, rud a fhágann go bhfuil sé deacair d’údaráis tionchar na seirbhísí sin a mheasúnú agus freagairtí beartais iomchuí agus comhréireacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.<br>__________________<br>***1a***<br>***https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/w/DDN-20230404-2?language=ga*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Chuige sin, ba cheart rialacha comhchuibhithe maidir le giniúint agus comhroinnt sonraí i dtaca leis na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a leagan síos chun rochtain ag údaráis phoiblí ar shonraí maidir le soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a mhéadú agus cáilíocht na sonraí sin a fheabhsú, rud is ceart a d’fhágfadh go mbeidh siad in ann beartais maidir leis na seirbhísí sin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus | (3) Chuige sin, ba cheart rialacha comhchuibhithe maidir le giniúint agus comhroinnt sonraí i dtaca leis na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a leagan síos chun rochtain ag údaráis phoiblí ar shonraí maidir le soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a mhéadú agus cáilíocht na sonraí sin a fheabhsú, rud is ceart a d’fhágfadh go mbeidh siad in ann beartais maidir leis na seirbhísí sin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus |

| | |
|---|---|
| comhréireach. | comhréireach***, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus Eorpach***. ***Ciallaíonn sé sin go gcoinneofar deiseanna d'ardáin agus go n-urramófar cuspóirí beartais phoiblí amhail tithíocht atá ar fáil agus inacmhainne agus cosaint do lárionaid uirbeacha agus do cheantair thuaithe, go háirithe nuair is saintréithe de dhúshláin agus de dheiseanna fáis iad dálaí eacnamaíocha san Eoraip. Déanfaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach trí ardáin ailíniú le caighdeáin turasóireachta inbhuanaithe agus ardcháilíochta réigiúin agus chathracha na hEorpa, lena dtacaítear le hardghlacadh le turasóireacht san Eoraip agus le feabhas a chur ar cháilíocht mhaireachtála na gcomharsanachtaí. Ba cheart dóibh pobail áitiúla a urramú agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn ó thaobh na héiceolaíochta agus na socheacnamaíochta de.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Beidh forfheidhmiú níos éifeachtaí ar rialacha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil mar thoradh ar na hoibleagáidí maidir le comhroinnt agus bailiú sonraí a bhunaítear faoin Rialachán sin, rud a áiritheoidh iomaíocht chóir, a mbeidh éiceachóras turasóireachta níos sábháilte agus níos inbhuanaithe mar thoradh orthu agus a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na cosanta tomhaltóirí laistigh de mhargadh an Aontais Eorpaigh. Mar thoradh air sin, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar mhuinín tomhaltóirí i réimse na gcíosanna gearrthéarma, ós rud é go mbeadh tomhaltóirí in ann glacadh leis nach bhfuil ach liostaí dlíthiúla ar líne agus go gcomhlíonann na hóstaigh na*** |

| | |
|---|---|
| | ***ceanglais dhlíthiúla agus go dtugann siad coinníollacha cothroma.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le seirbhísí arb é atá iontu cóiríocht faoi throscán a ligean ar cíos go gearrthéarmach, in aghaidh luach saothair**,** cibé acu ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn neamhghairmiúil a dhéantar sin. Is féidir go mbeadh i gceist le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach seomra i bpríomháit chónaithe an óstaigh agus an t-óstach ina chónaí ann freisin, príomháit chónaithe nó áit chónaithe thánaisteach an óstaigh a ligtear ar cíos ar feadh líon teoranta laethanta sa bhliain, nó maoin amháin nó níos mó a cheannaigh an t-óstach mar infheistíocht atá le ligean ar cíos ar bhonn gearrthéarmach, de ghnáth ar feadh tréimhse níos giorra ná aon bhliain amháin i rith na bliana. Níor cheart a mheas gur cóiríocht arna soláthar ar bhonn gearrthéarmach í cóiríocht faoi throscán a sholáthraítear ar feadh tréimhsí níos faide, de ghnáth ar feadh bliana nó níos mó. Níl seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach teoranta d'aonaid a ligtear ar cíos chun críocha turasóireachta nó fóillíochta ach ba cheart go n-áireofaí orthu tréimhsí gearrfhanachta chun críocha eile, amhail críocha gnó nó críocha staidéir. | (6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le seirbhísí arb é atá iontu cóiríocht faoi throscán a ligean ar cíos go gearrthéarmach, in aghaidh luach saothair, cibé acu ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn neamhghairmiúil a dhéantar sin. Is féidir go mbeadh i gceist le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach seomra i bpríomháit chónaithe an óstaigh agus an t-óstach ina chónaí ann freisin, príomháit chónaithe nó áit chónaithe thánaisteach an óstaigh***, bíodh sé ar thalamh nó ar uisce,*** a ligtear ar cíos ar feadh líon teoranta laethanta sa bhliain, nó maoin amháin nó níos mó a cheannaigh an t-óstach mar infheistíocht atá le ligean ar cíos ar bhonn gearrthéarmach, de ghnáth ar feadh tréimhse níos giorra ná aon bhliain amháin i rith na bliana ***agus/nó de réir an dlí náisiúnta***. Níor cheart a mheas gur cóiríocht arna soláthar ar bhonn gearrthéarmach í cóiríocht faoi throscán a sholáthraítear ar feadh tréimhsí níos faide, de ghnáth ar feadh bliana nó níos mó. Níl seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach teoranta d'aonaid a ligtear ar cíos chun críocha turasóireachta nó fóillíochta ach ba cheart go n-áireofaí orthu tréimhsí gearrfhanachta chun críocha eile, amhail críocha gnó nó críocha staidéir. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le hardáin ar líne de réir bhrí Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] , lena gceadaítear d'aíonna cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le hóstaigh chun seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a sholáthar. ***Dá bhrí sin, ba cheart leathanaigh ghréasáin lena nasctar óstaigh le haíonna*** agus nach bhfuil aon ról breise acu maidir le hidirbhearta díreacha a thabhairt i gcrích ***a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo***. Ní chumhdaítear leis na rialacha seo ardáin ar líne a dhéanann idirghabháil ar sholáthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach gan íocaíocht (mar shampla, ardáin ar líne a dhéanann idirghabháil ar mhalartú teaghaisí), ós rud é nach gcumhdaítear leo ach seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a chuirtear ar fáil in aghaidh luach saothair.

[27] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), (IO L 277, 27.10.22, lch. 1).

*Leasú*

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le hardáin ar líne de réir bhrí Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], lena gceadaítear d'aíonna cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le hóstaigh chun seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a sholáthar. ***Ba cheart feidhm a bheith aige freisin maidir le hardáin fógraíochta chíosa ghearrthéarma ar líne de réir bhrí Airteagal 3, pointe (j), de Rialachán 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thaispeánann fógraíocht ar a n-ardán ar chíos gearrthéarmach*** agus nach bhfuil aon ról breise acu maidir le hidirbhearta díreacha a thabhairt i gcrích Ní chumhdaítear leis na rialacha seo ardáin ar líne a dhéanann idirghabháil ar sholáthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach gan íocaíocht (mar shampla, ardáin ar líne a dhéanann idirghabháil ar mhalartú teaghaisí), ós rud é nach gcumhdaítear leo ach seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a chuirtear ar fáil in aghaidh luach saothair.

[27] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), (IO L 277, 27.10.22, lch. 1).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Cuireann nósanna imeachta

*Leasú*

(9) Cuireann nósanna imeachta

| | |
|---|---|
| clárúcháin ar chumas na n-údarás inniúil faisnéis a bhailiú faoi óstaigh agus faoi aonaid a bhaineann le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach. Ba cheart don uimhir chlárúcháin, ar aitheantóir uathúil aonaid ar cíos í, a áirithiú gur féidir na sonraí a bhailítear agus a chomhroinntear ar ardáin a shannadh i gceart ar óstaigh agus ar aonaid. Ba cheart, dá bhrí sin, gur faoi na húdaráis inniúla, i gcás inar mian leo sonraí a fháil ó sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne, a bheidh sé nósanna imeachta clárúcháin a chur ar bun nó a chothabháil le haghaidh óstaigh agus a n-aonad, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. | clárúcháin ar chumas na n-údarás inniúil faisnéis a bhailiú faoi óstaigh agus faoi aonaid a bhaineann le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach. Ba cheart don uimhir chlárúcháin, ar aitheantóir uathúil aonaid ar cíos í, a áirithiú gur féidir na sonraí a bhailítear agus a chomhroinntear ar ardáin a shannadh i gceart ar óstaigh agus ar aonaid. Ba cheart, dá bhrí sin, gur faoi na húdaráis inniúla, i gcás inar mian leo sonraí a fháil ó sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne, a bheidh sé nósanna imeachta clárúcháin a chur ar bun nó a chothabháil le haghaidh óstaigh agus a n-aonad, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. ***Tá an Rialachán seo gan dochar d’oibleagáidí clárúcháin agus faisnéise eile faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le réimsí an chánachais, le clárú daonra agus le staidreamh, ach gan a bheith teoranta dóibh.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus na sonraí a theastaíonn uathu, gan ualaí díréireacha a fhorchur ar ardáin agus ar óstaigh ar líne, is gá cur chuige coiteann a leagan amach maidir le nósanna imeachta clárúcháin laistigh de na Ballstáit atá teoranta d’fhaisnéis bhunúsach lena gceadaítear sainaithint a dhéanamh ar an aonad agus ar an óstach. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, nuair a dhéanfar an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha go léir a thíolacadh, go sannfar uimhir chlárúcháin d’óstaigh agus d’aonaid. Ba cheart do na hóstaigh a bheith in ann iad féin a shainaithint agus a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as modhanna ríomh- | (10) Chun a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus na sonraí a theastaíonn uathu, gan ualaí díréireacha a fhorchur ar ardáin agus ar óstaigh ar líne, is gá cur chuige coiteann a leagan amach maidir le nósanna imeachta clárúcháin ***ar líne*** laistigh de na Ballstáit atá teoranta d’fhaisnéis bhunúsach lena gceadaítear sainaithint a dhéanamh ar an aonad agus ar an óstach. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, nuair a dhéanfar an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha go léir a thíolacadh, go sannfar uimhir chlárúcháin d’óstaigh agus d’aonaid. Ba cheart do na hóstaigh a bheith in ann iad féin a shainaithint agus a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as modhanna ríomh- |

shainaitheantais arna n-eisiúint faoi scéim ríomhaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] chun na nósanna imeachta clárúcháin sin a chur i gcrích.

shainaitheantais arna n-eisiúint faoi scéim ríomhaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] chun na nósanna imeachta clárúcháin sin a chur i gcrích. ***Ba chóir go mbeadh clárú saor in aisce nó ar chostas íosta don óstach. Ba cheart d'óstaigh a bheith in ann na doiciméid riachtanacha uile a thíolacadh go digiteach. Mar sin féin, cuirfear seirbhís as líne chun doiciméid a thíolacadh ar fáil fós, agus riachtanais na ndaoine nach bhfuil an oiliúint chuí acu ó thaobh scileanna digiteacha de, go háirithe daoine scothaosta, á gcur san áireamh.***

[28] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

[28] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ba cheart d'óstaigh faisnéis a sholáthar fúthu féin, faoi na haonaid a thairgeann siad i gcomhar seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus faisnéis riachtanach eile ionas go mbeidh a fhios ag na húdaráis inniúla céannacht an óstaigh agus a shonraí teagmhála, chomh maith leis an ***suíomh***, cineál (e.g. teach, árasán, seomra) agus tréithe an aonaid. Tá gá leis an bhfaisnéis sin chun inrianaitheacht na n-óstach agus na n-aonad a thairgtear a áirithiú. Ba cheart go n-áireofaí sa tuairisc ar shaintréithe an aonaid faisnéis maidir le cé acu a bhfuil an | (11) Ba cheart d'óstaigh faisnéis a sholáthar fúthu féin, faoi na haonaid a thairgeann siad i gcomhar seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus faisnéis riachtanach eile ionas go mbeidh a fhios ag na húdaráis inniúla céannacht an óstaigh agus a shonraí teagmhála, ***chomh maith leis an seoladh iomlán, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, uimhir an árasáin nó clárlann na talún***, cineál (e.g. teach, árasán, seomra, ***seomra roinnte, nó catagóir ábhartha dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta***) agus tréithe an aonaid. Tá gá leis an bhfaisnéis sin chun |

| | |
|---|---|
| t-aonad á thairiscint mar chuid nó mar aonad iomlán agus maidir le cé acu a n-úsáideann, nó nach n-úsáideann, an t-óstach an t-aonad chun críocha cónaithe mar phríomháit chónaithe nó mar áit chónaithe thánaisteach nó chun críocha eile. Ba cheart d'óstaigh faisnéis a sholáthar freisin maidir leis an uaslíon aíonna ar ar féidir leis an aonad freastal. | inrianaitheacht na n-óstach agus na n-aonad a thairgtear a áirithiú***. I gcás inarb ábhartha, is féidir a cheangal ar óstaigh freisin a léiriú an bhfuil údarú faighte acu chun seirbhísí a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2006/123/CE, ar údarú é a deonaíodh go bhfuil an ceanglas údarúcháin sin i gcomhréir le dlí an Aontais. Ba cheart faisnéis faoi chearta na n-óstach maidir leis an scéim údarúcháin agus maidir leis na modhanna sásaimh atá ar fáil i gcás díospóide a bheith ar fáil go héasca d'óstaigh dá bhforáiltear i dTreoir 2006/123/CE***. Ba cheart go n-áireofaí sa tuairisc ar shaintréithe an aonaid faisnéis maidir le cé acu a bhfuil an t-aonad á thairiscint mar chuid nó mar aonad iomlán agus maidir le cé acu a n-úsáideann, nó nach n-úsáideann, an t-óstach an t-aonad chun críocha cónaithe mar phríomháit chónaithe nó mar áit chónaithe thánaisteach nó chun críocha eile. Ba cheart d'óstaigh faisnéis a sholáthar freisin maidir leis an uaslíon aíonna ar ar féidir leis an aonad freastal***, líon na seomraí agus líon na leapacha san aonad***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 a) Na hoibleagáidí uile a bhaineann leis an dearbhú i ndáil le scéimeanna údarúcháin agus le cruthúnas a sholáthar i dtaca leis sin, ní bheidh siad infheidhme ach amháin i gcás inarb ann do na rialacha sin maidir le rochtain ar an margadh sna Ballstáit. Ní dhéanfar aon fhoráil faoin Rialachán seo a léirmhíniú, seachas sin, mar bhunús dlí do rialacha maidir le rochtain ar an margadh, a leanfaidh de bheith faoi rialú dhlí an Aontais is infheidhme, go háirithe an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Treoir um Sheirbhísí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart é a bheith indéanta ag na Ballstáit éileamh ar óstaigh faisnéis bhreise agus doiciméadacht bhreise a chur isteach lena bhfianaítear comhlíonadh na gceanglas arna mbunú leis an dlí náisiúnta, amhail ceanglais sláinte agus sábháilteachta agus ceanglais maidir le cosaint tomhaltóirí. Chun rochtain chomhionann agus cuimsiú comhionann a áirithiú, ***féadfaidh*** na Ballstáit a cheangal ar óstaigh faisnéis a sholáthar maidir le hinrochtaineacht na n-aonad a thairgtear do sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil le ceanglais inrochtaineachta náisiúnta nó áitiúla. Mar sin féin, ba cheart do gach ceanglas a bheith i gcomhréir le prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith iomchuí agus riachtanach chun cuspóir rialála dlisteanach a bhaint amach, agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le Treoir 2006/123/CE. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ceanglais faisnéise a fhorchur ar óstaigh a chomhlíonann dlí an Aontais maidir le saincheisteanna nach gcumhdaítear leis an Rialachán sin, amhail tréimhsí fanachta nach n-íoctar lena n-áirítear i gcás ina mbaineann socruithe óstála le daoine leochaileacha, amhail dídeanaithe nó tairbhithe cosanta sealadaí. | (12) Ba cheart é a bheith indéanta ag na Ballstáit éileamh ar óstaigh faisnéis bhreise agus doiciméadacht bhreise a chur isteach lena bhfianaítear comhlíonadh na gceanglas arna mbunú leis an dlí náisiúnta, amhail ceanglais sláinte agus sábháilteachta agus ceanglais maidir le cosaint tomhaltóirí. Chun rochtain chomhionann agus cuimsiú comhionann a áirithiú, ***ba cheart*** do na Ballstáit a cheangal ar óstaigh faisnéis a sholáthar maidir le hinrochtaineacht na n-aonad a thairgtear do sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil le ceanglais inrochtaineachta náisiúnta nó áitiúla. Mar sin féin, ba cheart do gach ceanglas a bheith i gcomhréir le prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith iomchuí agus riachtanach chun cuspóir rialála dlisteanach a bhaint amach, agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le Treoir 2006/123/CE. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ceanglais faisnéise a fhorchur ar óstaigh a chomhlíonann dlí an Aontais maidir le saincheisteanna nach gcumhdaítear leis an Rialachán sin, amhail tréimhsí fanachta nach n-íoctar lena n-áirítear i gcás ina mbaineann socruithe óstála le daoine leochaileacha, amhail dídeanaithe nó tairbhithe cosanta sealadaí. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Níor cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus an doiciméadacht a sholáthraíonn óstach tríd an nós imeachta clárúcháin a fhíorú ach amháin tar éis an uimhir chlárúcháin a eisiúint. Is iomchuí a chumasú d'óstaigh, laistigh de thréimhse réasúnta ama, an fhaisnéis agus an doiciméadacht a tíolacadh agus a mheasann údarás inniúil a bheith neamhiomlán nó míchruinn a cheartú. ***Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht*** ag an údarás inniúil ***bailíocht*** na n-uimhreacha clárúcháin a chur ar fionraí ***i gcás*** ina mainníonn an t-óstach an fhaisnéis ***agus an doiciméadacht*** a cheartú laistigh den tréimhse ***a shonraítear***. Ba cheart é a bheith de chumhacht ag an údarás inniúil bailíocht na n-uimhreacha clárúcháin a chur ar fionraí freisin i gcásanna ina gcinnfidh sé go bhfuil amhras follasach tromchúiseach ann maidir le barántúlacht agus bailíocht na faisnéise nó na doiciméadachta a sholáthair an t-óstach. Sna cásanna sin, ba cheart d'údaráis inniúla na hóstaigh a chur ar an eolas faoina rún chun bailíocht na huimhreach clárúcháin a chur ar fionraí agus faoi na cúiseanna atá léi. Ba cheart deis éisteachta a thabhairt don óstach agus, i gcás inarb iomchuí, deis chun an fhaisnéis agus an doiciméadacht a cuireadh ar fáil a cheartú laistigh de thréimhse réasúnach. I gcás inar cuireadh bailíocht na huimhreach clárúcháin ar fionraí, ba cheart é a bheith de chumhacht ag an údarás inniúil ordú a eisiúint lena n-iarrfar ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne an liostú a bhaineann leis an aonad i gceist a bhaint nó rochtain orthu a dhíchumasú gan moill mhíchuí. Ba cheart a áireamh sna horduithe sin an fhaisnéis uile is gá chun an liostú a shainaithint, lena n-áirítear Aimsitheoir Aonfhoirmeach Acmhainne (URL) aonair na liostuithe. | (14) Níor cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus an doiciméadacht a sholáthraíonn óstach tríd an nós imeachta clárúcháin a fhíorú ach amháin tar éis an uimhir chlárúcháin a eisiúint. Is iomchuí a chumasú d'óstaigh, laistigh de thréimhse réasúnta ama, an fhaisnéis agus an doiciméadacht a tíolacadh agus a mheasann údarás inniúil a bheith neamhiomlán nó míchruinn a cheartú. ***Le linn na tréimhse sin agus má*** mhainníonn an t-óstach an fhaisnéis a cheartú laistigh den tréimhse ***a leagadh síos, féadfaidh*** an t-údarás inniúil an uimhir chlárúcháin a chur ar fionraí ***agus, más gá, gníomhú chun tráchtálú an aonaid a sheachaint***. Ba cheart é a bheith de chumhacht ag an údarás inniúil bailíocht na n-uimhreacha clárúcháin a chur ar fionraí freisin i gcásanna ina gcinnfidh sé go bhfuil amhras follasach tromchúiseach ann maidir le barántúlacht agus bailíocht na faisnéise nó na doiciméadachta a sholáthair an t-óstach. Sna cásanna sin, ba cheart d'údaráis inniúla na hóstaigh a chur ar an eolas faoina rún chun bailíocht na huimhreach clárúcháin a chur ar fionraí agus faoi na cúiseanna atá léi. Ba cheart deis éisteachta a thabhairt don óstach agus, i gcás inarb iomchuí, deis chun an fhaisnéis agus an doiciméadacht a cuireadh ar fáil a cheartú laistigh de thréimhse réasúnach. I gcás inar cuireadh bailíocht na huimhreach clárúcháin ar fionraí, ba cheart é a bheith de chumhacht ag an údarás inniúil ordú a eisiúint lena n-iarrfar ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne an liostú a bhaineann leis an aonad i gceist a bhaint nó rochtain orthu a dhíchumasú gan moill mhíchuí. Ba cheart a áireamh sna horduithe sin an fhaisnéis uile is gá chun an liostú a shainaithint, lena n-áirítear Aimsitheoir Aonfhoirmeach Acmhainne (URL) aonair na liostuithe. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) I gcás ina bhfuil feidhm ag nós imeachta clárúcháin, ba cheart ceangal a chur ar óstaigh a n-uimhreacha clárúcháin a sholáthar d’ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, agus na huimhreacha sin a thaispeáint i liosta gach aonaid faoi seach agus uimhir chlárúcháin an aonaid a sholáthar d’aíonna. I gcás ina mbeidh feidhm ag nós imeachta clárúcháin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear é ar a chumas do na húdaráis inniúla leis an dlí náisiúnta ordú do sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne liostuithe a bhaint ar liostuithe iad a bhaineann le haonaid arna dtairiscint gan uimhir chlárúcháin nó arna dtairiscint in éineacht le huimhir chlárúcháin neamhbhailí. | (15) I gcás ina bhfuil feidhm ag nós imeachta clárúcháin, ba cheart ceangal a chur ar óstaigh a n-uimhreacha clárúcháin a sholáthar d’ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, agus na huimhreacha sin a thaispeáint i liosta gach aonaid faoi seach agus uimhir chlárúcháin an aonaid a sholáthar d’aíonna. I gcás ina mbeidh feidhm ag nós imeachta clárúcháin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear é ar a chumas do na húdaráis inniúla leis an dlí náisiúnta ordú do sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne liostuithe a bhaint ar liostuithe iad a bhaineann le haonaid arna dtairiscint gan uimhir chlárúcháin nó arna dtairiscint in éineacht le huimhir chlárúcháin neamhbhailí. ***I limistéir ina bhfuil feidhm ag nós imeachta clárúcháin, níor cheart go mbeadh cead ag óstaigh aonad a thráchtálú gan uimhir chlárúcháin bhailí. I gcás go bhfaigheann sé go bhfuil an uimhir chlárúcháin in easnamh nó nach bhfuil sí bailí, nó nár deonaíodh an t-údarú, tar éis éisteacht a thabhairt don óstach, féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh ar na hardáin cíosa ghearrthéarma ar líne rochtain ar an aonad a bhaint gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065 leagtar síos ceanglais dícheall chuí áirithe do sholáthraithe ardán ar líne | (16) Le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065 leagtar síos ceanglais dícheall chuí áirithe do sholáthraithe ardán ar líne |

lena gceadaítear do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe. Tá feidhm ag na ceanglais sin maidir le ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne i dtaca le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairgeann óstaigh a cháilíonn mar thrádálaithe. Mar sin féin, is saintréith a bhaineann le hearnáil na cóiríochta ar chíos gearrthéarmach gur minic gur daoine aonair príobháideacha iad óstaigh a thairgeann seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach ar bhonn piara le piara ó am go chéile, ar daoine iad nach gá go gcomhlíonann siad na coinníollacha chun iad a chatagóiriú mar 'thrádálaithe' faoi dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, i gcomhréir le coincheap agus cuspóir an 'chomhlíonta trí dhearadh' faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065, agus chun a chumasú d'údaráis inniúla a fhíorú an bhfuil na hoibleagáidí clárúcháin is infheidhme á gcomhlíonadh, is iomchuí coinníollacha sonracha a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh trí dhearadh i gcomhthéacs na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach, lena n-áirítear na seirbhísí sin a thairgeann óstaigh nach gcáilíonn mar thrádálaithe de bhun dhlí an Aontais. Ba cheart d'ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne a áirithiú nach dtairgtear seirbhísí i gcás nár soláthraíodh uimhir chlárúcháin, i gcásanna ina ndearbhaíonn óstach go bhfuil feidhm ag uimhir chlárúcháin den sórt sin. Níor cheart gurb ionann é sin agus oibleagáid ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne faireachán ginearálta a dhéanamh ar na seirbhísí a thairgeann óstaigh trína n-ardán, ná oibleagáid ghinearálta aimsithe fíoras atá dírithe ar chruinneas na huimhreach clárúcháin a mheasúnú roimh fhoilsiú na tairisceana ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach.

lena gceadaítear do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe. Tá feidhm ag na ceanglais sin maidir le hardáin cíosa ghearrthéarma ar líne i dtaca le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairgeann óstaigh a cháilíonn mar thrádálaithe. Mar sin féin, is saintréith a bhaineann le hearnáil na cóiríochta ar chíos gearrthéarmach gur minic gur daoine aonair príobháideacha iad óstaigh a thairgeann seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach ar bhonn piara le piara ó am go chéile, ar daoine iad nach gá go gcomhlíonann siad na coinníollacha chun iad a chatagóiriú mar 'thrádálaithe' faoi dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, i gcomhréir le coincheap agus cuspóir an 'chomhlíonta trí dhearadh' faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065, agus chun a chumasú d'údaráis inniúla a fhíorú an bhfuil na hoibleagáidí clárúcháin is infheidhme á gcomhlíonadh, is iomchuí coinníollacha sonracha a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh trí dhearadh i gcomhthéacs na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach, lena n-áirítear na seirbhísí sin a thairgeann óstaigh nach gcáilíonn mar thrádálaithe de bhun dhlí an Aontais. Ba cheart d'ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne a áirithiú nach dtairgtear seirbhísí i gcás nár soláthraíodh uimhir chlárúcháin, i gcásanna ina ndearbhaíonn óstach go bhfuil feidhm ag uimhir chlárúcháin den sórt sin***, i gcás nach bhfuil eisceacht ar bith ón oibleagáid clárúcháin, agus ba ceart dóibh seiceálacha randamacha a dhéanamh***. Níor cheart gurb ionann é sin agus oibleagáid ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne faireachán ginearálta a dhéanamh ar na seirbhísí a thairgeann óstaigh trína n-ardán, ná oibleagáid ghinearálta aimsithe fíoras atá dírithe ar chruinneas na huimhreach clárúcháin a mheasúnú roimh fhoilsiú na tairisceana ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart d'údaráis inniúla ar mian leo faisnéis a fháil ó ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne maidir le gníomhaíochtaí óstach agus a bhfuil córais chlárúcháin i bhfeidhm acu a bheith in ann sonraí gníomhaíochta a fháil ó ardáin ar líne ar bhonn rialta. Ba cheart an cineál sonraí a fhéadfar a fháil a chomhchuibhiú go hiomlán agus ba cheart faisnéis a áireamh ann maidir le líon na n-oícheanta a bhfuil aonad cláraithe ligthe ar cíos ina leith, líon na n-aíonna a ***d'fhan san*** aonad in aghaidh na hoíche, uimhir chlárúcháin agus URL liostú an aonaid, rud atá de dhíth chun sainaithint an óstaigh agus an aonaid a thairgtear do sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a éascú i gcásanna ina bhfuil an uimhir chlárúcháin ar iarraidh nó mícheart. Ní chumhdaítear ach ardáin ar líne a d'éascaigh go héifeachtach tabhairt chun críche idirbheart díreach idir óstaigh agus aíonna leis an oibleagáid sonraí gníomhaíochta, uimhir chlárúcháin agus URL liostú an aonaid a sholáthar, toisc nach bhfuil ach na hardáin sin in ann sonraí a bhailiú, amhail an líon oícheanta ar lena aghaidh a ligtear aonad ar cíos agus an líon aíonna ***a d'fhan san*** aonad in aghaidh na hoíche. Níor cheart do na Ballstáit bearta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach lena gceanglaítear ar ardáin tuairisc a thabhairt ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus ar a ngníomhaíochtaí atá éagsúil ó na cinn a leagtar síos sa Rialachán sin, mura bhforáiltear a mhalairt faoi dhlí an Aontais. | (18) Ba cheart d'údaráis inniúla ar mian leo faisnéis a fháil ó ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne maidir le gníomhaíochtaí óstach agus a bhfuil córais chlárúcháin i bhfeidhm acu a bheith in ann sonraí gníomhaíochta a fháil ó ardáin ar líne ar bhonn rialta. Ba cheart an cineál sonraí a fhéadfar a fháil a chomhchuibhiú go hiomlán agus ba cheart faisnéis a áireamh ann maidir le líon na n-oícheanta a bhfuil aonad cláraithe ligthe ar cíos ina leith, líon na n-aíonna ***a ligeadh an t-aonad ar cíos dóibh*** in aghaidh na hoíche, uimhir chlárúcháin agus URL liostú an aonaid***,*** ***agus seoladh iomlán an aonaid, agus, i gcásanna ina bhfuil an uimhir chlárúcháin in easnamh nó mícheart, aitheantas an óstaigh i gcomhréir le RGCS,*** rud atá de dhíth chun sainaithint an óstaigh agus an aonaid a thairgtear do sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a éascú i gcásanna ina bhfuil an uimhir chlárúcháin ar iarraidh nó mícheart. Ní chumhdaítear ach ardáin ar líne a d'éascaigh go héifeachtach tabhairt chun críche idirbheart díreach idir óstaigh agus aíonna leis an oibleagáid sonraí gníomhaíochta, uimhir chlárúcháin agus URL liostú an aonaid a sholáthar, toisc nach bhfuil ach na hardáin sin in ann sonraí a bhailiú, amhail an líon oícheanta ar lena aghaidh a ligtear aonad ar cíos agus líon na n-aíonna ***ar ligeadh an t-aonad ar cíos dóibh*** in aghaidh na hoíche***. Chun traschur iolrach na faisnéise céanna ó ardáin éagsúla a chosc, ní cheanglófar ach ar an ardán ina dtugtar an conradh i gcrích leis an óstach an fhaisnéis thuasluaite a sholáthar***. Níor cheart do na Ballstáit bearta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach lena gceanglaítear ar ardáin tuairisc |

| | |
|---|---|
| | a thabhairt ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmacha agus ar a ngníomhaíochtaí atá éagsúil ó na cinn a leagtar síos sa Rialachán sin, mura bhforáiltear a mhalairt faoi dhlí an Aontais. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18 a) Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann ceangal a chur ar óstaigh a dhearbhú an bhfuil siad ag gníomhú chun críche a gceird, a ngnó nó a ngairme, nó ar shlí eile, chomh maith le líon na n-aonad atá á ligean ar cíos acu ar mhargadh na gcíosanna gearrthéarmacha. Is féidir leis na sonraí sin tuiscint níos fearr ar mhargadh na gcíosanna gearrthéarmacha a éascú, agus tionchar a imirt ar cheapadh beartas sa deireadh freisin.*** |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Áirithítear leis an Rialachán seo gur féidir le hóstach féindearbhú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aonad a thairgtear le haghaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach suite i limistéar inar bunaíodh nós imeachta clárúcháin nó ina bhfuil feidhm aige, agus i gcás inarb amhlaidh an cás, chun an t-aonad sin a shainaithint trí uimhir chlárúcháin bhailí nó, i gcás inarb ábhartha, chun a léiriú go mbaineann an t-aonad tairbhe as díolúine ó chlárúchán. Dá bhrí sin, ní mór d'ardáin a gcomhéadain a dhearadh ar bhealach chun an féindearbhú sin a*** |

***éascú agus chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha curtha ar fáil ag na hóstaigh sula liostaítear iad. Is uirlis thábhachtach chomhréireach é féindearbhú. Áirithítear leis go leanfaidh óstacha de bheith freagrach go príomha as comhlíonadh a ngníomhaíochta le rialacha áitiúla agus as an bhfaisnéis is gá maidir lena stádas faoi na nósanna imeachta clárúcháin ábhartha a chur in iúl d'ardáin, gan ceangal a chur ar ardáin sásraí fíorúcháin ex-ante atá ródhian agus díréireach a sheoladh do gach óstach.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart a áirithiú idir na clárlanna éagsúla sna Ballstáit comh maith lena n-idir-inoibritheacht leis an bPointe Iontrála Digiteach Aonair chun bacainní shéimeantacha agus teicniúla ar chomhroinnt sonraí a bhaint agus chun nósanna imeachta riaracháin níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a áirithiú. Ba cheart do na heintitis atá i gceannas ar na Pointí Iontrála Digiteacha Aonair a chruthú ar an leibhéal náisiúnta agus don Choimisiún cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus comhar idir na Ballstáit a éascú. | (25) Ba cheart a áirithiú idir na clárlanna éagsúla sna Ballstáit comh maith lena n-idir-inoibritheacht leis an bPointe Iontrála Digiteach Aonair chun bacainní shéimeantacha agus teicniúla ar chomhroinnt sonraí a bhaint agus chun nósanna imeachta riaracháin níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a áirithiú. Ba cheart do na heintitis atá i gceannas ar na Pointí Iontrála Digiteacha Aonair a chruthú ar an leibhéal náisiúnta agus don Choimisiún cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus comhar idir na Ballstáit a éascú. ***Sula nglacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme, lena leagfar síos sonraíochtaí teicniúla coiteanna agus nósanna imeachta teicniúla coiteanna maidir le hidir-inoibritheacht, bunóidh an Coimisiún pléití teicniúla le hardáin agus leis na Ballstáit.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Bheadh ***tacair sonraí comhiomlánaithe bunaithe ar na sonraí gníomhaíochta atá ar fáil,*** tábhachtach freisin chun staidreamh oifigiúil a thiomsú. Na sonraí ***sin***, in éineacht le faisnéis ***faoin líon iomlán aonad agus faoin uaslíon aíonna ar ar féidir leis an aonad freastal i ngach foroinn gheografach***, ba cheart iad a tharchur chuig oifigí staidrimh náisiúnta agus chuig Eurostat gach mí chun staitisticí a thiomsú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse eile san earnáil chóiríochta mar a leagtar amach i Rialachán 692/2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht. Ba cheart do na Ballstáit an t-eintiteas náisiúnta a bheidh freagrach as ***sonraí a chomhiomlánú agus a*** tharchur a ainmniú. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann sonraí gníomhaíochta a chomhroinnt, gan aon sonraí a d'fhéadfadh sainaithint aonad nó óstach aonair a chumasú, amhail uimhreacha clárúcháin agus URLanna, le heintitis agus le daoine i gcás inar gá é sin chun taighde eolaíoch nó gníomhaíochtaí anailíseacha a dhéanamh mar aon le samhlacha gnó agus seirbhísí nua a tháirgeadh. Faoi na coinníollacha céanna, d'fhéadfaí sonraí gníomhaíochta a chur ar fáil trí spásanna sonraí earnála, i gcás ina mbunófar iad. | (27) Bheadh sonraí gníomhaíochta tábhachtach freisin chun staidreamh oifigiúil a thiomsú. Ba cheart na sonraí sin, mar aon le faisnéis ***arna soláthar ag óstaigh de bhun nós imeachta clárúcháin mar aon leis an uimhir chlárúcháin***, a tharchur chuig na hoifigí staidrimh náisiúnta agus chuig Eurostat gach mí chun staidreamh a thiomsú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse eile in earnáil na cóiríochta mar a leagtar amach i Rialachán 692/2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht. Ba cheart do na Ballstáit an t-eintiteas náisiúnta a bheidh freagrach as ***na sonraí a tharchur agus a bhréaganaithnidiú*** a ainmniú. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann sonraí gníomhaíochta a chomhroinnt, gan aon sonraí a d'fhéadfadh sainaithint aonad nó óstach aonair a chumasú, amhail uimhreacha clárúcháin agus URLanna, le heintitis agus le daoine i gcás inar gá é sin chun taighde eolaíoch nó gníomhaíochtaí anailíseacha a dhéanamh mar aon le samhlacha gnó agus seirbhísí nua a tháirgeadh. Faoi na coinníollacha céanna, d'fhéadfaí sonraí gníomhaíochta a chur ar fáil trí spásanna sonraí earnála, i gcás ina mbunófar iad. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a sholáthar chun a cheadú d'údaráis phoiblí, ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, óstaigh agus | (28) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a sholáthar***, lena n-áirítear faisnéis atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta, ar bhealach soiléir,*** |

| | |
|---|---|
| saoránaigh na dlíthe, na nósanna imeachta agus na ceanglais a bhaineann le soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach laistigh dá gcríoch. Áirítear orthu siúd nósanna imeachta clárúcháin mar aon le haon cheanglas a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach, agus soláthar na seirbhísí sin. | chun a cheadú d'údaráis phoiblí, ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, óstaigh agus saoránaigh na dlíthe, na nósanna imeachta agus na ceanglais a bhaineann le soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach laistigh dá gcríoch. Áirítear orthu siúd nósanna imeachta clárúcháin mar aon le haon cheanglas a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach, agus soláthar na seirbhísí sin. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart do na Ballstáit forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin a áirithiú a mhéid a bhaineann le forálacha an Rialacháin sin maidir le torthaí na seiceálacha randamacha, an oibleagáid chun tagairt don fhaisnéis atá le cur ar fáil ag na Ballstáit a áirithiú, ar faisnéis í sin maidir le rialacha lena rialaítear soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus oibleagáidí um chomhroinnt sonraí ag ardáin cíosa ghearrthéarma. I ngeall ar chineál sonrach na n-oibleagáidí sin, ba cheart gur ar údaráis arna n-ainmniú ag Ballstát an Phointe Iontrála Aonair Dhigitigh, ina bhfuil an t-aonad ábhartha lonnaithe, a bheidh sé na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos freisin lena leagtar amach pionóis as sárú fhorálacha sin an Rialacháin sin ag a bhfuil feidhm maidir le hardáin cíosa ghearrthéarma ar líne agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear na pionóis sin chun feidhme agus go dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba | (31) Ba cheart do na Ballstáit forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin a áirithiú a mhéid a bhaineann le forálacha an Rialacháin sin maidir leis ***an bhfíorúchán a dhéanfaidh na húdaráis inniúla,*** torthaí na seiceálacha randamacha, an oibleagáid chun tagairt don fhaisnéis atá le cur ar fáil ag na Ballstáit a áirithiú, ar faisnéis í sin maidir le rialacha lena rialaítear soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus oibleagáidí um chomhroinnt sonraí ag ardáin cíosa ghearrthéarma. I ngeall ar chineál sonrach na n-oibleagáidí sin, ba cheart gur ar údaráis arna n-ainmniú ag Ballstát an Phointe Iontrála Dhigitigh Aonair, ina bhfuil an t-aonad ábhartha lonnaithe, a bheidh sé na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos freisin lena leagtar amach pionóis as sárú fhorálacha sin an Rialacháin sin ag a bhfuil feidhm maidir le hardáin cíosa ghearrthéarma ar líne agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear na pionóis sin chun feidhme agus go dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, |

| | |
|---|---|
| cheart do na pionóis sin forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí um chomhroinnt sonraí. | comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart do na pionóis sin forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí um chomhroinnt sonraí. ***I gcás ina bhfuil feidhm ag nós imeachta clárúcháin, bunóidh na Ballstáit forálacha dlíthiúla lena dtabharfar de chumhacht d'údaráis inniúla, tar éis éisteacht a thabhairt don óstach, treoir a thabhairt do sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne liostaí a bhaineann le haonaid a thairgtear gan uimhir chlárúcháin bhailí nó le huimhir chlárúcháin neamhbhailí a scriosadh. Ar an gcaoi chéanna, nuair atá próiseas údaraithe infheidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndeonóidh an reachtaíocht náisiúnta d'údaráis inniúla an t-údarás chun iallach a chur ar sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne liostaí atá nasctha le haonaid a thairgtear gan an t-údarú riachtanach a bhaint den údarás inniúil. Sa dá chás, cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil sainordú a thabhairt d'ardáin faisnéis a sholáthar. Ba cheart go mbeadh sé d'acmhainn ag na Ballstáit rialacháin a bhunú a bhaineann leis na pionóis faoi seach as neamhchomhlíonadh.*** |
| [32] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1). | [32] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1). |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin go tréimhsiúil mar aon le faireachán ar a éifeachtaí ar sholáthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach arna dtairiscint trí ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne san Aontas. Leis an meastóireacht sin, ba cheart aon éifeacht ar sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne a áireamh ***mar aon*** le haon éifeacht ag infhaighteacht mhéadaithe na sonraí ar ábhar agus ar chomhréireacht na rialacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach. Chun léargas leathan a fháil ar fhorbairtí san earnáil, ba cheart eispéiris na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh sa mheastóireacht. | (34) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin go tréimhsiúil mar aon le faireachán ar a éifeachtaí ar sholáthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach arna dtairiscint trí ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne san Aontas. Leis an meastóireacht sin, ba cheart aon éifeacht ar sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne a áireamh***,*** aon éifeachtaí ag infhaighteacht mhéadaithe***, inúsáideacht agus cáilíocht*** na sonraí ar ábhar agus ar chomhréireacht na rialacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le soláthar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach. Chun léargas leathan a fháil ar fhorbairtí san earnáil, ba cheart eispéiris na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh sa mheastóireacht***, lena n-áirítear go háirithe éifeachtacht na sásraí um fhorfheidhmiú agus um chomhar trasteorann***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 a) Ba cheart d'údaráis náisiúnta agus/nó áitiúla measúnuithe agus meastóireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh freisin ar ghníomhaíochtaí cíosa gearrthéarmacha maidir le, i measc nithe eile, an tionchar ar na pobail áitiúla, lena n-áirítear infhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta, an tionchar ar ghnólachtaí áitiúla agus an tionchar ar an éiceachóras turasóireachta áitiúil agus a inbhuanaitheacht.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Déantar an ceart bunúsach ar chosaint sonraí pearsanta a choimirciú go háirithe le Rialachán (AE) 2016/679. Soláthraítear an bunús leis an Rialachán sin le haghaidh rialacha agus cheanglais na próiseála sonraí pearsanta, lena n-áirítear i gcás ina n-áireofar meascán de shonraí pearsanta agus neamhphearsanta i dtacair sonraí agus ina mbeidh na sonraí sin fite fuaite le chéile. Ní mór d'aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. ***Dá bhrí sin is iad na húdaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil na sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs an Rialacháin seo.*** | (37) Déantar an ceart bunúsach ar chosaint sonraí pearsanta a choimirciú go háirithe le Rialachán (AE) 2016/679. Soláthraítear an bunús leis an Rialachán sin le haghaidh rialacha agus cheanglais na próiseála sonraí pearsanta, lena n-áirítear i gcás ina n-áireofar meascán de shonraí pearsanta agus neamhphearsanta i dtacair sonraí agus ina mbeidh na sonraí sin fite fuaite le chéile. Ní mór d'aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37 a) Chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach, as a dtiocfaidh léirmhíniú cruinn ar na sonraí a bhailítear agus ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise, moltar do na Ballstáit seisiúin chomhairliúcháin a reáchtáil go rialta leis an gCoimisiún agus/nó le geallsealbhóirí cíosa gearrthéarmacha. Is féidir na seisiúin chomhairliúcháin a úsáid mar uirlisí chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar na gcíosanna gearrthéarmacha ar a bpobal áitiúil faoi seach, as a dtiocfaidh ceapadh soiléir cuspóirí rialála agus cinnteoireacht fheasach, i gcomhréir*** |

***le dlí agus prionsabail an Aontais.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37 b) D'fhonn cur chun feidhme an Rialacháin sin a éascú, feasacht a chur chun cinn maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis, chomh maith le bearta arna nglacadh ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a scaipeadh maidir le seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh a sholáthar agus chun saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí a éascú, comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit ionas go ndéanfar nuachóiriú tráthúil agus éifeachtúil ar an Tairseach Eorpach i bhfianaise Airteagal 17 den Rialachán sin. Beidh faisnéis sa Tairseach Aonair Eorpach maidir le nósanna imeachta nach mór a dhéanamh go háitiúil ionas go mbeidh óstach in ann údarú a chlárú agus a lorg, más infheidhme, mar aon le coinníollacha eile maidir le rochtain ar an margadh atá i bhfeidhm sna Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil chomh maith le faisnéis teagmhála na n-údarás áitiúil ábhartha. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil saor in aisce i bhformáid sholáimhsithe, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37 c) I bhfianaise chastacht reachtaíocht an Aontais agus na*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtreoirphrionsabal lena gcosnaítear saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí chomh maith leis an gceart maoin phríobháideach duine a dhiúscairt, is iomchuí don Choimisiún treoirlínte cúnaimh, ábhair oiliúna thagartha agus ceardlanna a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm leo tuiscint leathan a áirithiú ar chur i bhfeidhm rialacha an Aontais atá cothrom, comhréireach agus a bhfuil bonn cirt leis maidir le seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh a sholáthar. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do na comhordaitheoirí náisiúnta uile agus na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla uile a bhfuil sé de chúram orthu na rialacha is infheidhme maidir le soláthar seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh a rialáil, a chur chun feidhme agus/nó a fhorfheidhmiú, tairbhe a bhaint as na hacmhainní thuasluaite.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37 d) Cinnfear leis na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach sa Rialachán sin agus leis an méadú ar líon na sonraí a eascraíonn as na hoibleagáidí tuairiscithe a bhunaítear faoin Rialachán sin éifeachtaí dearfacha a théann thar theorainneacha an Achta sin, as a dtiocfaidh tuiscint níos fearr ar mhargadh na gcíosanna gearrthéarmacha agus ar fhorbairt agus ar chomhroinnt dea-chleachtas, amhail treoir maidir le 'Dea-chomharsan' a chur san áireamh sna conarthaí cíosa gearrthéarmacha a thagraíonn do na rialacha maidir le bainistiú dramhaíola áitiúil agus ord poiblí, laethanta saoire áitiúla agus traidisiúin áitiúla, i measc conarthaí eile.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne a thairgeann seirbhísí d'óstaigh a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta ***ar chíos*** gearrthéarmach san Aontas, gan beann ar a n-áit bhunaithe. | 1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne a thairgeann seirbhísí do ***na*** hóstaigh a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta ***ar chíos*** gearrthéarmach san Aontas, gan beann ar a n-áit bhunaithe***, agus d'óstaigh laistigh de theorainneacha a n-oibleagáidí***.<br>***Tá feidhm aige freisin maidir le hardáin fógraíochta chíosa ghearrthéarma ar líne, laistigh de theorainneacha phointe (a) agus phointe (b) de mhír 1 d'Airteagal 7.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) Dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena rialaítear forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh nó staidrimh oifigiúil náisiúnta.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'óstaigh ghníomhacha' óstaigh ag a bhfuil ar a laghad aonad amháin liostaithe le linn tréimhse 1 mhí ar ardán cíosa ghearrthéarma ar líne; | (3) ciallaíonn 'óstaigh ghníomhacha' óstaigh ag a bhfuil ar a laghad aonad amháin liostaithe le linn tréimhse 1 mhí ***agus a bhí curtha in áirithe ar a laghad uair amháin le linn na tréimhse tagartha*** ar ardán cíosa ghearrthéarma ar líne; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) ciallaíonn 'ardán fógraíochta cíosa ghearrthéarma ar líne' seirbhís de réir bhrí Airteagal 3, pointe (i) agus (j) de Rialachán (AE) 2022/2065, lena n-áirítear fógraíocht le haghaidh seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh agus inneall cuardaigh ar líne, lena dtaispeántar fógraíocht seirbhisí cíosa ghearrthéarmaigh;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) 'ciallaíonn 'uimhir chlárúcháin' aitheantóir uathúil arna eisiúint ag Ballstát, lena sainaithnítear aonad sa Bhallstát sin; | (7) ciallaíonn 'uimhir chlárúcháin' aitheantóir uathúil arna eisiúint ag ***údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha***, lena sainaithnítear aonad sa Bhallstát sin; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) ciallaíonn 'scéim údarúcháin' an scéim údarúcháin de réir bhrí Airteagal 4 (6) de Threoir 2006/123/CE;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'sonraí gníomhaíochta' an líon oícheanta ar lena aghaidh a ligtear aonad ar cíos agus an líon aíonna ***a d'fhan san aonad*** in aghaidh na hoíche; | (11) ciallaíonn 'sonraí gníomhaíochta' an líon oícheanta ar lena aghaidh a ligtear aonad ar cíos agus an líon aíonna ***ar dearbhaíodh ina leith gur fhan siad*** san aonad in aghaidh na hoíche***, agus a dtír chónaithe, i gcomhréir le Rialachán (AE) 692/2011***; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go n-oibreoidh nósanna imeachta clárúcháin ar bhonn dearbhuithe arna ndéanamh ag óstaigh; | (a) go n-oibreoidh nósanna imeachta clárúcháin***, atá comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus a bhfuil bonn cirt leo,*** ar bhonn dearbhuithe arna ndéanamh ag óstaigh; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go gceadófar le nósanna imeachta clárúcháin uimhir chlárúcháin a eisiúint go huathoibríoch agus láithreach le haghaidh aonad sonrach ar don óstach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a chur isteach agus, i gcás inarb iomchuí, aon doiciméadacht tacaíochta a cheanglaítear de bhun Airteagal 5(2); | (b) go gceadófar le nósanna imeachta clárúcháin uimhir chlárúcháin a eisiúint ***ar líne,*** go huathoibríoch agus láithreach***, saor in aisce nó ar chostas íosta,*** le haghaidh aonad sonrach ar don óstach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a chur isteach agus, i gcás inarb iomchuí, aon doiciméadacht tacaíochta a cheanglaítear de bhun Airteagal 5(2); |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh óstaigh in ann a iarraidh gur féidir an fhaisnéis nó an doiciméadacht arna soláthar de bhun Airteagal 5(1) agus (2) a athúsáid chun críoch clárúcháin dá éis sin. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh óstaigh in ann a iarraidh gur féidir an fhaisnéis nó an doiciméadacht arna soláthar de bhun Airteagal 5(1) agus (2) a athúsáid chun críoch clárúcháin dá éis sin***, má thárlaíonn na clárúcháin ina dhiaidh sin laistigh de bhliain amháin ón gcéad nóiméad ina soláthraíodh faisnéis agus an doiciméadacht***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar uimhreacha clárúcháin i gclárlann. Beidh an t-údarás inniúil a eiseoidh an uimhir chlárúcháin freagrach as an gclárlann a bhunú agus a choinneáil ar bun. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar uimhreacha clárúcháin i gclárlann ***atá poiblí agus inrochtana go héasca***. Beidh an t-údarás inniúil a eiseoidh an uimhir chlárúcháin freagrach as an gclárlann a bhunú agus a choinneáil ar bun. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh óstaigh in ann na doiciméid uile is gá a thíolacadh go digiteach. Mar sin féin, cuirfear seirbhísí as líne chun doiciméid a thíolacadh ar fáil fós, agus riachtanais na ndaoine nach bhfuil nach bhfuil an oiliúint chuí acu ó thaobh scileanna digiteacha de á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) seoladh an aonaid; | (1) seoladh ***iomlán*** an aonaid; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) an t-uaslíon aíonna ar ar féidir leis an aonad freastal; | (4) an líon uasta aíonna***, leapacha agus seomraí*** ar ar féidir leis an aonad freastal; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) an bhfuil an t-aonad faoi réir údarú ó na húdaráis ábhartha chun seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairiscint, agus más amhlaidh atá, an bhfuair an t-óstach an t-údarú sin, i gcás ina mbeidh an ceanglas údarúcháin sin éigeantach agus i gcomhréir le dlí an Aontais, agus uimhir an údaraithe sin;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ceangal a chur ar óstaigh a dhearbhú an bhfuil siad ag gníomhú chun críche a gceird, a ngnó nó*** |

| | |
|---|---|
| | ***a ngairme, nó ar shlí eile. Féadfaidh siad faisnéis a iarraidh freisin i dtaobh an bhfuil an t-aonad á thairiscint mar aon le seirbhísí breise atá ar fáil mar mhalairt ar luach saothair nó ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe san aonad/na haonaid a thairgtear do sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach i ndáil le ceanglais inrochtaineachta náisiúnta nó áitiúla.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go mbeidh doiciméadacht tacaíochta iomchuí in éineacht leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach de bhun mhír 1. | 2. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go mbeidh doiciméadacht tacaíochta iomchuí ***ar líne*** in éineacht leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach de bhun mhír 1***, a bhféadfar í a thíolacadh as líne freisin***. ***Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 4a d'fhomhír (a) de mhír 1, i gcás ina ndearbhóidh an t-óstach go bhfuil an t-aonad faoi réir údarú, nó i gcás ina gceadófar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cinneadh uathoibríoch go bhfuil feidhm ag ceanglas údarúcháin, féadfaidh na Ballstáit cóip den údarú, nó tagairt dó, a iarraidh.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gceanglóidh Ballstát ar óstaigh tuilleadh faisnéise agus doiciméadachta a thíolacadh, is gan dochar é cur isteach na faisnéise agus na | 3. I gcás ina gceanglóidh Ballstát ar óstaigh tuilleadh faisnéise agus doiciméadachta a thíolacadh, ***lena n-áirítear faisnéis agus doiciméadacht*** |

| | |
|---|---|
| doiciméadachta sin d'eisiúint na huimhreach clárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). | ***maidir le comhlíonadh na rialacha náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a), beidh sé indéanta an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin a chur isteach ar líne freisin trí mhodhanna digiteacha agus*** beidh sé gan dochar d'eisiúint na huimhreach clárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an bhfaisnéis nó leis an doiciméadacht arna cur isteach de bhun nós imeachta clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4, go gcoimeádfar ar bhealach slán go rúnda í agus nach ndéanfar amhlaidh ach ar feadh tréimhse is gá chun an t-aonad a shainaithint agus ar feadh tréimhse nach faide ná ***1 bhliain*** tar éis don óstach a léiriú tríd an bhfeidhmiúlacht dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (f) gur cheart an t-aonad a bhaint den chlárlann. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an bhfaisnéis agus leis an doiciméadacht arna soláthar ag an óstach de bhun mhíreanna 1 agus 2, nach ndéanfar iad a phróiseáil ach amháin chun an uimhir chlárúcháin a eisiúint agus chun comhlíontacht leis na rialacha is infheidhme de chuid an Bhallstáit a áirithiú, ar rialacha iad a bhaineann leis an rochtain ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus soláthar na seirbhísí sin. | 5. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an bhfaisnéis nó leis an doiciméadacht arna cur isteach de bhun nós imeachta clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4, go gcoimeádfar ar bhealach slán go rúnda í agus nach ndéanfar amhlaidh ach ar feadh tréimhse is gá chun an t-aonad a shainaithint agus***, i gcás ar bith,*** ar feadh tréimhse nach faide ná ***2 bhliain*** tar éis don óstach a léiriú tríd an bhfeidhmiúlacht dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (f) gur cheart an t-aonad a bhaint den chlárlann. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an bhfaisnéis agus leis an doiciméadacht arna soláthar ag an óstach de bhun mhíreanna 1 agus 2, nach ndéanfar iad a phróiseáil ach amháin chun an uimhir chlárúcháin a eisiúint agus chun comhlíontacht leis na rialacha is infheidhme de chuid an Bhallstáit a áirithiú, ar rialacha iad a bhaineann leis an rochtain ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus soláthar na seirbhísí sin. |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh na húdaráis inniúla, tráth ar bith tar éis dóibh uimhir chlárúcháin a eisiúint, an dearbhú a fhíorú mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta arna cur isteach ag óstach de bhun Airteagal 5(1) agus 5(2). | 1. Féadfaidh na húdaráis inniúla, tráth ar bith tar éis dóibh uimhir chlárúcháin a eisiúint, an dearbhú a fhíorú mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta arna cur isteach ag óstach de bhun Airteagal 5(1) agus 5(2)***, lena n-áirítear díolúintí a bheith ann ón oibleagáid clárúchán***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. I gcás ina bhfuil fianaise ag na húdaráis inniúla gur sáraíodh an reachtaíocht náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil is infheidhme, féadfaidh siad nós imeachta cigireachta ardáin a thionscnamh. Iarrfaidh an t-údarás inniúil faisnéis a mheasann sé a bheith ábhartha ón óstach chun na sáruithe líomhnaithe a lorg agus a anailísiú.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) aitheantas an óstaigh agus an aonaid arna thairiscint le haghaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach. | (c) aitheantas an óstaigh agus ***uimhir chlárúcháin*** an aonaid arna thairiscint le haghaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 8. Cuirfidh an t-údarás inniúil na hóstaigh ar an eolas faoi na sásraí cúitimh atá ar fáil i ndáil leis na céimeanna arna ndéanamh de bhun mhíreanna 2 ***go 5 agus*** *7*. | 8. Cuirfidh an t-údarás inniúil na hóstaigh ar an eolas faoi na sásraí cúitimh atá ar fáil i ndáil leis na céimeanna arna ndéanamh de bhun mhíreanna 2***, 5, 7 agus 10 a (nua)***. |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***8a. Tá an t-údarás ag údaráis inniúla cros-seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis arna soláthar ag ardáin ar líne maidir le hóstach a mhaígh go bhfuil a liostú díolmhaithe ón bpróiseas clárúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 7 mír 1(b) agus (d). Is féidir leo freisin úsáid a bhaint as na cumhachtaí a shonraítear i míreanna 6 (2) go 6 (9), más gá, agus iad ag déileáil leis na hóstaigh lena mbaineann.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***10 a. I gcás ina bhfuil feidhm ag nós imeachta údarúcháin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuireann an reachtaíocht náisiúnta ar chumas na n-údarás inniúil é a iarraidh ar sholáthraithe ardán cíosa ghearrthéarma ar líne faisnéis a sholáthar agus liostuithe a bhaineann le haonaid arna dtairiscint gan údarú a bhaint.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina ndearbhóidh an t-óstach go bhfuil an t-aonad atá á thairiscint le haghaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach lonnaithe i limistéar ina bhfuil nós imeachta clárúcháin bunaithe nó feidhm ag nós imeachta den sórt sin maidir leis, dearfaidh agus eagróidh siad a gcomhéadan ar líne ar bhealach lena gcuirfear é ar a gcumas d'óstaigh ligean d'úsáideoirí an t-aonad a shainaithint trí uimhir chlárúcháin, agus chun a áirithiú go mbeidh uimhir chlárúcháin soláthraithe ag óstaigh sula gceadófar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairiscint i leith an aonaid sin; | (b) i gcás ina ndearbhóidh an t-óstach go bhfuil an t-aonad atá á thairiscint le haghaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach lonnaithe i limistéar ina bhfuil nós imeachta clárúcháin bunaithe nó feidhm ag nós imeachta den sórt sin maidir leis, dearfaidh agus eagróidh siad a gcomhéadan ar líne ar bhealach lena gcuirfear é ar a gcumas d'óstaigh ligean d'úsáideoirí ***(i)*** an t-aonad a shainaithint trí uimhir chlárúcháin, agus chun a áirithiú go mbeidh uimhir chlárúcháin soláthraithe ag óstaigh sula gceadófar na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairiscint i leith an aonaid sin ***nó (ii) féindearbhú a dhéanamh go bhfuil an t-aonad atá á chur ar fáil acu díolmhaithe ón nós imeachta clárúcháin atá infheidhme sa limistéar ina bhfuil sé lonnaithe***; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun dearbhú na n-óstach a sheiceáil go randamach maidir le nós imeachta clárúcháin a bheith ann nó gan bheith ann, agus an liosta a cuireadh ar fáil de bhun Airteagal 13(1), pointe (a) á chur san áireamh, i gcás inarb ann do nós imeachta den sórt sin, ***bailíocht*** na huimhreach clárúcháin arna soláthar ag an óstach a sheiceáil, lena n-áirítear trí úsáid na bhfeidhmiúlachtaí arna dtairiscint leis na Pointí Iontrála Aonair Digiteacha dá dtagraítear in Airteagal 10(2), pointe (b), tar éis dóibh tairiscint na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach ag an | (c) iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh***, go háirithe i limistéir inar aithníodh neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo,*** chun dearbhú na n-óstach a sheiceáil go randamach maidir le nós imeachta clárúcháin a bheith ann nó gan bheith ann, agus an liosta a cuireadh ar fáil de bhun Airteagal 13(1), pointe (a) á chur san áireamh, agus, i gcás inarb ann do nós imeachta den sórt sin, an uimhir chlárúcháin arna soláthar ag an óstach a sheiceáil, lena n-áirítear trí úsáid na bhfeidhmiúlachtaí arna dtairiscint leis na Pointí Iontrála Digiteacha Aonair dá dtagraítear in Airteagal 10(2), pointe (b), |

óstach a cheadú. | tar éis dóibh tairiscint na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach ag an óstach a cheadú.

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) a chur in iúl do na hóstaigh go bhféadfaí dlíthe cíosa áitiúla a shárú trí chineálacha áirithe aonaid, amhail tithíocht shóisialta, a ligean ar cíos ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh ardán fógraíochta cíosa ghearrthéarma ar líne faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos i bpointí (a) agus (b) den mhír seo.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áireofar ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, i roinn shonrach den chomhéadan ar líne ar a bhfuil rochtain dhíreach go héasca, tagairt don fhaisnéis atá le cur ar fáil ag na Ballstáit de bhun Airteagal 17(1). | 3. Áireofar ar ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, i roinn shonrach den chomhéadan ar líne ar a bhfuil rochtain dhíreach go héasca, tagairt don fhaisnéis atá le cur ar fáil ag na Ballstáit de bhun Airteagal 17(1) ***chomh maith le nasc chuig an Tairseach Aonair Dhigiteach***. ***Ba cheart dóibh freisin iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun óstaigh a*** |

***chur ar an eolas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus go leordhóthanach maidir le hinfheidhmeacht nósanna imeachta clárúcháin, oibleagáidí comhroinnte sonraí, nó scéimeanna údarúcháin i limistéar ar leith.***

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7 a*** |
| | ***Comhlíonadh de réir dearaidh d'ardáin fógraíochta chíosa ghearrthéarma ar líne*** |
| | ***I gcás ina n-áirítear le hardán fógraíochta cíosa ghearrthéarma ar líne fógraíocht le haghaidh seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarma, déanfaidh sé an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) a gcomhéadan ar líne a struchtúrú agus a shocrú sa chaoi is go gceanglaítear ar óstaigh a fhógraíonn cóiríocht ar chíos gearrthéarmach ar an ardán féindearbhú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an t-aonad atá á thairiscint faoi réir nós imeachta clárúcháin atá bunaithe nó infheidhme sa limistéar;*** |
| | ***(b) i gcás ina ndearbhaíonn an t-óstach go bhfuil an t-aonad faoi réir nós imeachta clárúcháin, ba cheart don ardán ar líne a chomhéadan a dhearadh chun ligean d'óstaigh (i) an t-aonad a shainaithint trí uimhir chlárúcháin a úsáid agus a áirithiú go soláthraítear an uimhir sula gceadaítear seirbhísí cóiríochta gearrthéarmacha a thairiscint don aonad sin, nó (ii) a dhearbhú go bhfuil an t-aonad díolmhaithe ón nós imeachta clárúcháin sa limistéar ina bhfuil sé lonnaithe;*** |
| | ***(c) seiceálacha randamacha a dhéanamh ar dhearbhuithe na n-óstach maidir le nós imeachta clárúcháin a bheith ann, agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 13(1)(a) á chur san áireamh agus, más ann do nós imeachta clárúcháin, bailíocht na huimhreach clárúcháin arna soláthar ag an óstach a fhíorú. Is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na feidhmiúlachtaí a chuireann na Pointí Iontrála Digiteacha Aonair a luaitear in Airteagal 10(2)(b) ar fáil, tar éis cead a thabhairt don óstach na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairiscint;*** |
| | ***(d) i gcás ina n-áirítear san ardán ar líne fógraí ó ardán cíosa ghearrthéarma ar líne nach ngníomhaíonn mar óstach, ba cheart dó a chomhéadan a dhearadh chun cur ar chumas úsáideoirí an t-aonad a shainaithint trí uimhir chlárúcháin, má sholáthraíonn an t-ardán cíosa ghearrthéarma ar líne é;*** |
| | ***(e) i gcás ina ndearbhaíonn an t-óstach go bhfuil an t-aonad díolmhaithe ón nós imeachta clárúcháin is infheidhme, ní mór don ardán ar líne, arna iarraidh sin don údarás inniúil ábhartha, an fhaisnéis arna soláthar ag an óstach a sholáthar chun gur féidir leis an údarás a chruinneas a fhíorú. Déantar é sin tar éis ligean don óstach na seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a thairiscint.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I gcás ina bhfaigheann údarás inniúil amach, tar éis fíorú a dhéanamh, go bhfuil amhras ann maidir le cruinneas agus iomláine na sonraí arna dtarchur, cumhachtófar dó a iarraidh ar na hardáin ar líne an tacar sonraí a cheartú laistigh de thréimhse réasúnta ama ar cheart don údarás inniúil í a shonrú.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos sonraíochtaí teicniúla agus nósanna imeachta coiteanna chun idir-inoibritheacht a áirithiú maidir le réitigh le haghaidh fheidhmiú na bPointí Iontrála Aonair Digiteacha agus malartú saoráideach na sonraí, lena n-áirítear struchtúr na n-uimhreacha clárúcháin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 16(2). | 5. ***Déanfaidh*** an Coimisiún***, nuair is gá,*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos sonraíochtaí teicniúla agus nósanna imeachta coiteanna chun idir-inoibritheacht a áirithiú maidir le réitigh le haghaidh fheidhmiú na bPointí Iontrála Digiteacha Aonair agus malartú saoráideach na sonraí, lena n-áirítear struchtúr na n-uimhreacha clárúcháin ***agus seoltaí iomlána na n-aonad***. ***Ba cheart na huimhreacha clárúcháin a bheith bunaithe ar an struchtúr céanna agus ar na caighdeáin chéanna i ngach Ballstát***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 16(2). ***Ina theannta sin, eagróidh an Coimisiún freisin oiliúint agus plé teicniúil leis na Ballstáit, ina mbeidh geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear ardáin, rannpháirteach i gcás inarb ábhartha, chun feidhmiú cuí na bPointí Iontrála Digiteach Aonair agus comhroinnt dea-chleachtas a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le Comhéadan Feidhmchláir.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis seo, bunaítear grúpa comhordúcháin (‘an grúpa comhordúcháin’) na bPointí Iontrála Aonair Digiteacha. Beidh an grúpa comhordúcháin comhdhéanta den | 2. Leis seo, bunaítear grúpa comhordúcháin (‘an grúpa comhordúcháin’) na bPointí Iontrála Digiteacha Aonair. Beidh an grúpa comhordúcháin comhdhéanta den |

chomhordaitheoir náisiúnta ó gach Ballstát agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh cathaoirleacht air. Glacfaidh an grúpa comhordúcháin a rialacha nós imeachta. Tacóidh an Coimisiún le feidhmiú an ghrúpa comhordúcháin.

chomhordaitheoir náisiúnta ó gach Ballstát agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh cathaoirleacht air. Glacfaidh an grúpa comhordúcháin a rialacha nós imeachta. Tacóidh an Coimisiún le feidhmiú an ghrúpa comhordúcháin. ***I gcás inarb ábhartha, féadfaidh grúpa comhordaithe na bPointí Iontrála Digiteacha Aonair a chinneadh dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha gearrthéarmacha maidir le pointí sonracha lena n-áirítear na formáidí comhchuibhithe comhroinnte sonraí.***

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tabharfaidh sé cúnamh don Choimisiún chun úsáid na réiteach idir-inoibritheachta a chur chun cinn le haghaidh fheidhmiú na bPointí Iontrála Aonair Digiteacha agus malartú na sonraí; | (b) tabharfaidh sé cúnamh don Choimisiún chun úsáid réiteach idir-inoibritheachta ***agus seiceálacha uathoibrithe*** a chur chun cinn le haghaidh fheidhmiú na bPointí Iontrála Digiteacha Aonair agus malartú na sonraí; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Coinneoidh na húdaráis inniúla a liostaítear de bhun mhír 1 sonraí gníomhaíochta ar bhealach slán go rúnda a fhad is gá chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 2 agus ar feadh tréimhse nach faide ná ***1 bhliain amháin*** tar éis fháil na sonraí sin. Féadfaidh na húdaráis inniúla sin, i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit, sonraí gníomhaíochta a chomhroinnt gan aon sonraí lenar féidir aonaid nó óstaigh aonair a shainaithint, lena n-áirítear uimhreacha | 3. Coinneoidh na húdaráis inniúla a liostaítear de bhun mhír 1 sonraí gníomhaíochta ar bhealach slán go rúnda a fhad is gá chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 2 agus ar feadh tréimhse nach faide ná ***2 bhliain*** tar éis fháil na sonraí sin. Féadfaidh na húdaráis inniúla sin, i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit, sonraí gníomhaíochta a chomhroinnt gan aon sonraí lenar féidir aonaid nó óstaigh aonair a shainaithint, lena n-áirítear uimhreacha |

| | |
|---|---|
| clárúcháin agus URLanna, go háirithe leo seo a leanas: | clárúcháin agus URLanna, go háirithe leo seo a leanas: |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Comhiomlánóidh na Ballstát na sonraí gníomhaíochta arna bhfáil de bhun Airteagal 9 agus tarchuirfidh ar bhonn míosúil iad chuig oifigí náisiúnta staidrimh agus chuig Eurostat chun staitisticí a thiomsú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43]. Déanfar sonraí gníomhaíochta a chomhiomlánú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach agus áireofar iontu faisnéis faoin líon iomlán aonad agus faoin uaslíon aíonna ar ar féidir leis an aonad freastal i ngach foroinn gheografach. Déanfar na sonraí sin a mhiondealú de réir chineál an aonaid ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5(1), pointe (a) den Rialachán sin. Ainmneoidh na Ballstáit an t-eintiteas náisiúnta a bheidh freagrach as sonraí gníomhaíochta a chomhiomlánú agus a tharchur chuig oifigí náisiúnta staidrimh agus chuig Eurostat. | 4. Comhiomlánóidh na Ballstát na sonraí gníomhaíochta arna bhfáil de bhun Airteagal 9 agus tarchuirfidh ar bhonn míosúil iad chuig oifigí náisiúnta staidrimh ***agus, i gcás inarb ábhartha, chuig oifigí staidrimh réigiúnacha*** agus chuig Eurostat chun staitisticí a thiomsú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43]. Déanfar sonraí gníomhaíochta a chomhiomlánú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach agus áireofar iontu faisnéis faoin líon iomlán aonad agus faoin uaslíon aíonna ar ar féidir leis an aonad freastal i ngach foroinn gheografach. Déanfar na sonraí sin a mhiondealú de réir chineál an aonaid ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5(1), pointe (a) den Rialachán sin. ***Ba cheart na sonraí a chur ar fáil d'údaráis Eorpacha, náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas agus chun tacú le pleanáil, cur chun feidhme agus forfheidhmiú rialacha áitiúla.*** Ainmneoidh na Ballstáit an t-eintiteas náisiúnta a bheidh freagrach as sonraí gníomhaíochta a chomhiomlánú agus a tharchur chuig oifigí náisiúnta staidrimh agus chuig Eurostat. ***Beidh rochtain na n-oifigí staidrimh náisiúnta nó réigiúnacha ar na sonraí dá dtagraítear thuas faoi réir coimircí iomchuí maidir le cosaint sonraí.*** |
| [43] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | [43] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

| | |
|---|---|
| an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164). | an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164). |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) liosta limistéar ina bhfuil feidhm ag scéim údarúcháin ina gcríoch.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfaidh na Ballstáit na liostaí dá bhforáiltear faoi mhír 1 den Airteagal sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na húdaráis inniúla feasacht ar na cearta agus ar na hoibleagáidí faoin Rialachán sin chun cinn | 2. Cuirfidh na húdaráis inniúla feasacht ar na cearta agus ar na hoibleagáidí faoin Rialachán sin chun cinn |

| | |
|---|---|
| ina gcríocha faoi seach. | ina gcríocha faoi seach ***agus soláthróidh siad an fhaisnéis is gá chun go mbeidh údaráis phoiblí, ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne, óstaigh, tomhaltóirí agus turasóirí, saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile in ann na dlíthe, na nósanna imeachta agus na ceanglais a bhaineann le soláthar seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach laistigh dá gcríoch a thuiscint, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le tithíocht shóisialta a thógáil ar cíos nó dlíthe agus rialacháin áitiúla eile maidir le cíos*. *Ba cheart é sin a dhéanamh freisin tríd an bhfaisnéis atá ar fáil ar an Tairseach Aonair Dhigiteach a thabhairt cothrom le dáta go rialta.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13 a*** |
| | ***Anailís sonraí agus léirmhíniú*** |
| | ***Chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach, as a dtiocfaidh ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, féadfaidh na Ballstáit seisiúin chomhairliúcháin a thionól go rialta leis an gCoimisiún agus/nó leis na geallsealbhóirí ábhartha. D'fhéadfadh baint a bheith ag na nósanna imeachta comhairliúcháin sin leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile:*** |
| | ***(a) léirmhíniú sonraí agus an tuiscint ar threochtaí reatha i leathnú na gcíosanna gearrthéarmacha agus tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil ar phobail áitiúla;*** |
| | ***(b) léirmhíniú ar reachtaíocht an Aontais agus ar reachtaíocht náisiúnta maidir le cíosanna gearrthéarmacha, go háirithe maidir le prionsabail a chumhdaítear sa*** |

***dlí Eorpach;***

***(c) tionchar reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta ar na geallsealbhóirí ábhartha.***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13 b*** |
| | ***Treoirlínte agus cúnamh*** |
| | ***Soláthróidh an Coimisiún cúnamh, tagairt, ábhar oiliúna, treoirlínte agus ceardlanna a bheidh sé mar aidhm leo tuiscint leathan a áirithiú i measc na n-údarás inniúil náisiúnta agus áitiúil ar fad ar dhlí an Aontais is infheidhme maidir le soláthar seirbhísí cíosa ghearrthéarmaigh ar líne, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an Treoir um Sheirbhísí, chun cur i bhfeidhm cothrom, comhréireach agus cuí-réasúnaithe na rialacha a áirithiú. Áireofar sna treoirlínte tiomsú den reachtaíocht is infheidhme chomh maith le samplaí praiticiúla de thoirmisc agus de dhea-chleachtais.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha i dtaca le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ag ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne ar Airteagail 7(2), 7(3) agus 9. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. | 3. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha i dtaca le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ag ardáin cíosa ghearrthéarma ar líne ***agus ag óstaigh*** ar Airteagail 7(2), 7(3) agus 9***, Airteagail 5 agus 6 faoi seach***. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach |

| | |
|---|---|
| | agus athchomhairleach. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I bhfianaise mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo, déanfar an fhaisnéis agus na mionsonraí ábhartha uile maidir le nósanna imeachta nach mór a dhéanamh go háitiúil chun go mbeidh óstach in ann údarú a chlárú agus a lorg, más infheidhme, mar aon le coinníollacha eile maidir le rochtain ar an margadh atá i bhfeidhm sna Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, a chur ar fáil saor in aisce ar an Tairseach Aonair Dhigiteach i bhformáid atá soláimhsithe agus inrochtana go héasca, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tráth nach déanaí ná ***5*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán sin agus cuirfidh sé tuarascáil faoi na príomhthorthaí dá chuid faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Beidh an tuarascáil sin bunaithe ar na meastóireachtaí arna gcur isteach ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta de bhun Airteagal 14. | 1. Tráth nach déanaí ná ***4*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán sin agus cuirfidh sé tuarascáil faoi na príomhthorthaí dá chuid faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle***, Choiste Eorpach na Réigiún*** agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Beidh an tuarascáil sin bunaithe ar na meastóireachtaí arna gcur isteach ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta de bhun Airteagal 14 ***agus ar na sonraí arna dtarchur chuig Eurostat i gcomhréir le hAirteagal 12(4)***. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) a mhéid is féidir, tionchar an Rialacháin seo ar ábhar agus ar chomhréireacht na mbeart reachtach, rialála nó riaracháin náisiúnta a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus le soláthar na seirbhísí sin, lena n-áirítear i gcás ina soláthrófar na seirbhísí sin ar bhonn trasteorann. | (c) a mhéid is féidir, tionchar an Rialacháin seo ar ábhar agus ar chomhréireacht na mbeart reachtach, rialála nó riaracháin náisiúnta a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus le soláthar na seirbhísí sin, lena n-áirítear i gcás ina soláthrófar na seirbhísí sin ar bhonn trasteorann***, chomh maith le héifeachtacht an chomhair trasteorann agus sásraí forfheidhmithe***. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) an tionchar ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus a gcumas beartais a cheapadh bunaithe ar na sonraí a chomhroinneann na hardáin leis na húdaráis inniúla;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm aige ón … [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta =***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | Beidh feidhm aige ón … [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = ***18*** mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin]***, cé go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Rialachán sin maidir le hardáin cíosa ghearrthéarma ar*** |

***líne agus maidir le hóstaigh ó [6] mhí ó chur i bhfeidhm an Rialacháin sin*.**

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhaineann le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0571 – C9-0371/2022 – 2022/0358(COD) |
| **Coiste freagrach**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | IMCO<br>21.11.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | TRAN<br>21.11.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Josianne Cutajar<br>19.1.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 24.5.2023 26.6.2023 |
| **Dáta a ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 40<br>–: 0<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Izaskun Bilbao Barandica, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Gheorghe Falcă, Carlo Fidanza, Mario Furore, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Bogusław Liberadzki, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Rovana Plumb, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet, Thomas Rudner, Vera Tax, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Michael Gahler, Maria Grapini, Georg Mayer, Ljudmila Novak, Annalisa Tardino |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Patricia Chagnon, Lena Düpont, Svenja Hahn, Denis Nesci, Christine Schneider, Veronika Vrecionová |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 40 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Denis Nesci, Veronika Vrecionová |
| ID | Marco Campomenosi, Patricia Chagnon, Annalisa Tardino |
| NI | Mario Furore |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Michael Gahler, Jens Gieseke, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Ljudmila Novak, Christine Schneider, Lucia Vuolo |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet |
| S&D | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Maria Grapini, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Thomas Rudner, Vera Tax, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov |
| The Left | Kateřina Konečná |
| Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Georg Mayer |
| Renew | Svenja Hahn, Jan-Christoph Oetjen |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh